

2005

An Oifig um Rialú Tobac

Tuarascáil Bhliantúil





An Oifig um Rialú Tobac
Teach Willow
Páirc na Mílaoise
Nás
Contae Chill Dara
Éire

Fón: +353 45 852700
Fax: +353 45 852799
R-phost: info@otc.ie

www.otc.ie

clár

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Achoimre ar ar Baineadh Amach i rith na bliana 2005	5
Feidhmeanna na hOifige um Rialú Tobac	6
Comhaltaí an Bhoird	8
Cairt Eagrúcháin	10
Cuspóir 1: Chun comhlíonadh a chinntiú maidir le forálacha ábhartha an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus an Achta Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004	11
Cuspóir 2: Chun comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú léi ag cur polasaithe agus cuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil tháirgí tobac i bhfeidhm	17
Cuspóir 3: Chun taighde a dhéanamh agus toradh an taighde a scaipeadh mar threisiú le tionscnaimh a bhfuil fianaise leo chun tobac a rialú	19
Cuspóir 4: Chun an tairbhe a bhaineann le hathrú go dtí sochaí saor ó thobac a chur in iúl	23
Cuspóir 5: Chun leanúint den fhorbairt ar chríochnúlacht agus ar acmhainn na hOifige agus a cuid foirne d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann sí a cuid feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil	27
Cuntais Airgeadais	31
Aguisín A: Treochtaí maidir le Caitheamh Toitíní	39
Aguisín B: Foilseacháin	43



ráiteas an chathaoirligh

Cúis áthais dom mar Chathaoirleach ar an Oifig um Rialú Tobac, Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2005 a chur i láthair tar éis dúinn bliain rathúil eile a chur isteach.

Is oth liom gurb é an drochscéal faoi bhás an Phríomhfheidhmeannaigh, Tom Power, an 25 Samhain 2005 atá le cur in iúl ar an gcéad dul síos agam. Ba mhaith liom thar ceann an Bhoird agus na bainistíochta agus thar ceann fhoireann na hOifige an cheannródaíochta agus an dúthracht a bhí ann, ní hamháin i leith na heagraíochta ach maidir le polasaí rialú tobac in Éirinn agus ar fud an domhain a chur in iúl.

Iaroifigeach sinsearach den Roinn Sláinte agus Leanaí é Tom agus ba mhór an méid a rinne sé ó thaobh an pholasaí rialú tobac de in Éirinn. Sna 1990idí déanacha, threoraigh sé Comhchoiste Sláinte agus Leanaí an Oireachtais ina chuid díospóireachtaí i gcúrsaí sláinte agus caithimh tobac agus bhí ról ríthábhachtach aige i bhforbairt an doiciméid pholasaí *I nDáil le Sochaí Saor ó Thobac*. Ghlac an rialtas leis an bpolasaí sin i 2000, agus leanann an tuarascáil bhunaidh sin a bheith mar threoir don Oifig inniu ina gcuid iarrachtaí andúil tobac a laghdú agus deireadh a chur le tobac sa tsochaí. Ba é an t-éacht is mó a rinne Tom ó thaobh rialú tobac de ná tabhairt isteach Reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó tobac in Éirinn. Ní féidir beag a dhéanamh dá fhís agus dá thiomantas a chinntiú go ndéanfaí dlí den reachtaíocht sin. Beidh na milliúin duine ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain faoi chomaoin ag Tom Power as an méid atá bainte amach aige.

I 2005, lean an Oifig ag monatóireacht agus ag comhordú feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó tobac tríd an gclár cigireachta náisiúnta um rialú tobac. Léiríodh tacaíocht an phobail don bheart trí thaighde neamhspleách a foilsíodh ar chomóradh bliana na reachtaíochta. Chreid mórán ollmhór, 98% de phobal na hÉireann, go raibh láithreacha oibre níos sláintiúla ó tugadh isteach an dlí ar an 29 Márta 2004. Seasadh go

daingean leis an dlí le comhlíonadh náisiúnta ag 95%. Mar sin féin, tá sé riachtanach a bheith ag faire i gcónaí agus is croí-uirlis é forfheidhmiú gníomhach lena chinntiú go mbeifear á chomhlíonadh go forleathan go leanúnach. Sonraíonn an Tuarascáil seo comhlíonadh náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear eolas ar ionchúisimh arna thógáil ag limistéir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Gabhaimid buíochas agus tugaimid aitheantas do thiomantas agus do dhúthracht ár gcomhpháirtithe ó thaobh forfheidhmiú na reachtaíochta, go háirithe Oifig Sláinte Comhshaoil (OSCanna) FSS, agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Cheana féin, chuir an reachtaíocht le cosaint níos mó ó na drochthionchair go léir a bhíonn ó dheatach ó tobac dhaoine eile agus cur chun cinn sochaí saor ó tobac. Léiríonn réamhthorthaí ó roinnt staidéar, a rinne an Institiúid Taighde do Shochaí Saor ó Thobac roimh an gcosc agus i ndiaidh an choisc, na sochair sláinte dhearfacha atá ann cheana ón mbeart. Deimhníonn staidéar a foilsíodh sa British Medical Journal i nDeireadh Fómhair na torthaí sin mar léiríodh ann go raibh laghdú 80% ar thiúchain cotinine (nochtadh chuig deatach dhaoine eile) in oibríthe beár i bPoblacht na hÉireann.

Níl sa reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó tobac ach cuid amháin de shraith níos leithne de bhearta rialaithe tobac a tugadh isteach le roinnt blianta. I 2005, lean an Oifig de chlár rialaithe tobac cuimsitheach agus lánpháirtithe a chur i bhfeidhm.

Laghdaigh an líon daoine a bhíonn ag caitheamh tobac, bunaithe ar shonraí faoi mhonatóireacht na hOifige agus atá foilsithe aici, go dtí níos lú ná 24% faoi Nollaig 2005 ó 31% i 1998 agus 27% i 2002 (suirbhéanna Slán). Bhí cúlú beag sa bhliain 2005 sa treocht sin a bhí ag laghdú,

rud a léiríonn go bhfuil gá la cláir dhiana, leanúnacha agus ilghnéitheacha chun tabhairt faoin fhadhb fhorleathan tobac.

Tá mná na hÉireann ag caitheamh tobac anois ag rátaí den sórt céanna le fir na hÉireann cé gur mó eolais atá ar na rioscaí atá i gceist. Tá sin á léiriú sa phróifíl galair i measc ban, go háirithe rátaí ailse scámhóg agus meastar gur galar ban is mó a bheidh ann faoi 2020.

Is údar imní tromchúiseach é go bhfuil beagnach an cúigiú cuid d'ógánaigh 15-18 bliana d'aois ag caitheamh tobac. Is príomhcheisteanna iad rochtain agus inacmhainneacht. Dar leis an Oifig is ábhar fíorthábhachtach é daoine óga a chosc ó bheith ag caitheamh tobac.

Tá sé an-éasca ag tobac greim a fháil ar dhaoine agus is dúshlán ollmhór é an timthriall andúile a bhriseadh. Teastaíonn ó thrí cheathrú den daonra a bhíonn ag caitheamh tobac iad a thabhairt suas agus rinne dhá thrian díobh sin iarracht iad a thabhairt suas am éigin. Ní mór leanúint le straitéisí cruthaithe chun éirí as an tobac chun tacú le daoine a bhíonn ag iarraidh toitiní a chaitheamh in aer agus táimid ag tnúth oibriú go dlúth leis an FSS ar an ábhar sin.

Na fíricí: is é caitheamh tobac an phríomhchúis bháis is féidir a sheachaint i measc daoine a fhaigheann bás roimh am, agus is é tobac a mharaíonn beagnach 6,000 duine in Éirinn gach bliain. Tá 50% seans bás a fháil ó thinnis a bhfuil baint acu le tobac ag daoine a chaitheann tobac ar feadh a saoil. Gheobhaidh a leath bás ag meán-aois, ag cailliúint, ar an meán, 22 bliain dá saol.

Léiríonn sárfhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta gurb é an bealach is éifeachtaí le haghaidh a thabhairt ar mhórcheist an tobac ná trí phraghas. Leanann an Oifig seo ag moladh arduithe cánacha substaintúla ar bhonn bliantúil, ag ráta níos mó ná an ráta boilscithe. Chuideodh sin le gearradh siar ar an méid tobac a chaitear, go háirithe i measc daoine óga.

D'fháiltigh an Oifig roimh dhaingniú an chéad chonradh sláinte poiblí domhanda, an Creat-Choinbhinsiún ar Rialú Tobac de chuid na hEagraíochta Sláinte Domhanda (ESD) agus táimid ag tnúth cuidiú leis an Tánaiste agus leis an Aire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney Uasal TD agus leis an Aire Stáit An tUasal Seán Power tuilleadh bearta rialaithe tobac dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún a thabhairt isteach sna blianta amach romhainn.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht agus do thiomantas leanúnach na Roinne Sláinte agus Leanaí, go háirithe An tAonad um Rialú Tobac.

Ní mór moladh a thabhairt arís do rannpháirtíocht ghníomhach ghrúpaí na sochaí sibhialta lena n-áirítear ASH Ireland, Cumann Ailse na hÉireann, Foras Croí na hÉireann agus gluaiseacht na gceardchumann agus leanfaimid ag oibriú go dlúth lenár gcomhpháirtithe go léir chun ár sprioc chomórta a bhaint amach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an mBord, le bainistíocht agus le gach duine d'fhoireann na hOifige as a ndea-obair, a dtiomantas agus a ngairmiúlacht i rith na bliana crua seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Raphael Mitchell a bhí mar Phríomhfheidhmeannach gníomhach i 2004/2005, agus aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann na hOifige ag tráth a bhfuil go leor athruithe ag tarlú. Fáiltím, go speisialta, roimh Maire Killeen, atá ceaptha mar Phríomhfheidhmeannach gníomhach.

Tá an Oifig ag tnúth go mór na cuspóirí atá leagtha amach i *1 nDáil le Sochaí Saor ó Thobac* a bhaint amach. Leanfaimid ag leanúint leo sin le fuinneamh agus le dúthracht. Thar aon rud eile, tá sé i gceist againn go mbeadh cosaint a thabhairt do leanaí ó chaitheamh tobac mar phríomhthosaíocht againn.



An Dr. Michael Boland
Cathaoirleach

measann

93%

de na daoine gur
smaoineamh maith atá
i láithreacha oibre saor
ó thobac



achoimre ar ar baineadh amach i rith na bliana 2005

Ba bhliain fhíorghníomhach agus thairbhiúil í 2005 sna réimsí ar fad de dhualgas na hOifige. Bhí an fócas i rith na tréimhse sin ar na cúig chuspóir straitéiseacha atá leagtha amach i bplean gnó 2005.

- Léirigh taighde a foilsíodh i *Smoke-Free Workplaces in Ireland: A One-Year Review* go bhfuil an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre ag fáil tacaíocht láidir ón bpobal i gcónaí. Léirigh suirbhé faoi dhearcaí gur cheap 93% de na daoine, bliain tar éis di teacht i bhfeidhm, lena n-áirítear 80% de na daoine a chaitheann tobac, gur smaoineamh maith a bhí sa dlí. Chreid 98% díobh sin a d'fhreagair an suirbhé go bhfuil láithreacha oibre níos folláine anois mar gheall ar an dlí saor ó thobac.
- Reáchtáladh imeacht chun comóradh bliana a dhéanamh ar an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac an 29ú Márta 2005. Cuireadh torthaí taighde réamhléiritheach i láthair ag an imeacht, a léirigh na sochair sláinte do shochaí na hÉireann cheana féin. Bhí ionadaithe ó na heagraíochtaí go léir a thacaigh le feidhmiú an bhirt i láthair rud a léirigh úinéireacht an phobail i gcoitinne ar an tsaincheist.
- Rinneadh 35,042 cigireacht i rith 2005 faoin gClár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac, a bhíonn comhordaithe ag an Oifig i gcomhar leis an FSS. Fuair OSCanna amach go raibh 95% de na láithreacha oibre a rinneadh cigireacht orthu ag comhlíonadh alt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004. Threisigh suirbhé TNS mrbí na leibhéil chomhlíonta arda sin, suirbhé a tugadh chun críche i Nollaig 2005, áit ar tuairiscíodh gur chreid 98% de na hoibrithe faoi dhíon ar fad go raibh a láithreacha fostaíochta saor ó thobac.
- Tá príomhról ag an Líne Ió-ghlao um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Thobac i gcónaí chun comhlíonadh na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac a fhorbairt agus a choimeád. Rinneadh 1,353 glao chuig an líne i rith 2005.
- Lorgaíodh 38 ionchúiseamh i 2005 maidir le caitheamh tobac a cheadú i láthair oibre iata agus/nó gan comharthaíocht 'cosc ar tobac' a bheith le feiceáil. Díobh sin, bhain 32 le háitribh faoi cheadúnas.
- I Samhain 2005, bhí Éire ar an 101ú tír chun an Creat-Choinbhinsiún ar Rialú Tobac de chuid na hESD a dhaingniú.
- Lean an oifig ag déanamh monatóireachta ar an líon daoine a bhí ag caitheamh tobac agus ar iompar caite tobac go míosúil i 2005. Léirigh sonraí na Nollag go raibh líon foriomlán caitheamh tobac (15 bliain d'aois nó níos sine) níos lú ná 24%.
- Le linn 2005 bhuail an Oifig le go leor grúpaí idirnáisiúnta agus toscaireachtaí parlaiminte. Tá ról tábhachtach ag cumarsáid trasteorann agus sárchleachtas a roinnt ar an tslí sin chun freagra domhanda a thabhairt ar shaincheist sláinte poiblí domhanda í i ndáiríre. Thug an ESD cuireadh don Oifig i rith na bliana a bheith mar chuid den ghrúpa dréachta don Tuarascáil Eorpach ar Rialú Tobac 2006.
- Chun freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta, na foirne agus gheallsealbhóirí eile, d'athraigh an oifig chuig an chóiríocht chorparáideach nua i Nás, Contae Chill Dara go déanach in Iúil.

feidhmeanna na hOifige um Rialú Tobac

Is comhlacht reachtúil atá san Oifig um Rialú Tobac a bunaíodh chun polasaí an Rialtais maidir le smacht ar thobac a chur i bhfeidhm agus a riaradh de réir mar a leagadh amach sa tuarascáil *I nDáil le Sochaí Saor ó Thobac* a foilsíodh sa bhliain 2000.

Tá an Oifig dúthachtach maidir le treisiú le polasaí an Rialtais sochaí saor ó thobac a chur chun cinn trí na feidhmeanna a sannadh di faoin Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 a chomhlíonadh ar bhealach críochnúil, neamhspleách.

Is féidir achoimre mar seo a leanas a thabhairt ar na feidhmeanna sin:

1. Comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú leis nó léi i bhfeidhmiú pholasaithe agus chuspóir an Rialtais maidir le smacht agus rialú ar tháirgí tobac go ginearálta;
2. Dul i gcomhairle leis na heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta cuí maidir lena bhfuil ag teacht chun cinn i gcúrsaí rialú an tobac;
3. Comhairle a chur ar an Aire maidir le haon bhearta breise ba cheart a dhéanamh chun maolú nó cosc a chur ar chaitheamh tobac nó ar a thoradh;
4. Obair thaighde a eagrú agus scaipeadh a dhéanamh ar thoradh na hoibre sin;
5. Comhordú a dhéanamh ar chlár cigireachta náisiúnta i gcomhar leis na boird sláinte;
6. Comhairle a chur ar an Aire de réir mar is gá maidir le bearta táirgíochta agus margáíochta lucht thionscal an tobac;
7. Aon fheidhm eile a shannódh an tAire don Oifig ó am go ham a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Oifig um Rialú Tobac feidhmeanna saineúla eile ar nós clár d'áitribh mhiondíolacháin a choimeád agus tástáil chomhlíonta a dhéanamh ar tháirgí tobac.

caitheann níos lú ná

24%

de dhaonra na
hÉireann tobac



Foinse: Rianáí an Líon Daoine
a Chaitheann Tobac TNS mrbí,
Nollaig 2005 (Sampla: 15 bliain
d'aois agus níos sine)

comhaltaí an bhoird

An tAire Sláinte agus Leanaí a cheapann Bord na hOifige um Rialú Tobac.

Dáréag comhaltaí a bhaineann le réimse leathan disciplíní ábhartha, lena n-áirítear liacht, acadúlacht, bainistíocht sheirbhís sláinte, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, atá ar an mBord.

Is é an Dr Michael Boland, atá ina Stiúrthóir ar Ionad Acmhainne na nIarchéimithe i gColáiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann, Cathaoirleach an Bhoird.

Bhí seacht gcrúinniú ag an mBord i rith na bliana 2005. Ag deireadh mhí na Nollag 2005, is iad seo a leanas a bhí ina gcomhaltaí ar Bhord na hOifige:

1



2



3



4



5



6



7



8



9



10



11




12



1. **An Dr Michael Boland** (Cathaoirleach)
Stiúrthóir
Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann
2. **An Dr Shane Allwright**
Léachtóir Sinearach san Eipidéimeolaíocht
Ionad na nEolaíochtaí Sláinte,
Coláiste na Tríonóide
3. **Tony Christie**
Príomh-Oifigeach Sláinte Comhshaoil
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte,
Limistéar an Deiscirt
4. **An Dr Patrick Doorley**
Stiúrthóir Náisiúnta Sláinte an Daonra
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
5. **Chris Fitzgerald**
Príomh-Oifigeach
An Roinn Sláinte agus Leanaí
6. **Nuala Flavin**
Stiúrthóir Forbartha/Bainisteoir Cláir
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
7. **Ann Guilfoyle**
Comhalta den Bhord Bainistíochta
Scoil an Bhreac Chluain
8. **An Dr Brendan O'Shea**
Dochtúir Teaghlaigh
Droichead Nua
9. **Donal O'Shea**
Cathaoirleach
Ospidéal Beaumont
10. **An Dr Edward O'Sullivan**
Leas-Chathaoirleach
Comharchumann Dhochtúirí Teaghlaigh
Chathair Chorcaí
11. **Eileen O'Sullivan**
Stiúrthóir an Chleachtaidh Múinteoireachta
Ollscoil Luimnigh
12. **An tOll. Michael P Ryan**
Roinn na Cógaseolaíochta
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

cairt eagrúcháin



cuspóir
comhlíonadh
a chinntiú

01

cuspoir 1

Chun **comhlíonadh a chinntiú** maidir le forálacha ábhartha an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus an Achta Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2004.

Mar a léiríodh roimhe seo sa tuarascáil seo, tá réimse freagrachtaí monatóireachta agus cigireachta ag an Oifig chun comhlíonadh leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus 2004 a chinntiú:

- Ceangaltais dlí náisiúnta ar na tionscail tobac agus na tionscail ghaolmhara a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu;
- Forbairt agus monatóireacht ar an gClár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac don reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac;
- A bheith ina oifigeach údaraithe agus gníomh dlíthúil a thionscnamh mar is cuí;
- Forálacha reachtúla ar rialú tobac reatha agus beartaithe a mheas agus moltaí a dhéanamh nuair is cuí;
- Monatóireacht ar Fhorbairtí idirnáisiúnta ar dhéanamh dlí agus ar dhlíthíocht sa réimse um rialú tobac.

Mar a samhláíodh, díríodh formhór obair na hOifige i rith 2005 ar a chinntiú go gcomhlíonfaí an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac. De réir Alt 10 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 feidhmíodh é sin tríd an gClár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac a chomhordú i gcomhar le FSS. Is iad na OSCanna na hoifigigh údaraithe faoin reachtaíocht nua seo a bhfuil an dualgas orthu aon sárú ar na hAchtanna a imscrúdú agus táthar lánach don fhorfheidhmiú. Tríd an gClár cigireachta, déanann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta monatóireacht ar chomhlíonadh na reachtaíochta i láithreacha oibre iata freisin (ar nós oifigí agus monarchana nach bhfuil clúdaithe ag na Seirbhísí Sláinte Comhshaoil).

Léiríonn athbhreithniú ar shonraí 2005 gur éirigh go hiontach leis an tionscnamh láithreacha oibre saor ó thobac. Léiríonn figiúirí comhlíonta go bhfuil formhór na láithreacha oibre saor ó thobac agus go bhfaigheann an beart sin tacaíocht ollmhór ón bpobal.

Rinne an Oifig raon gníomhaíochtaí i rith 2005 chun comhlíonadh leanúnach an bhirt a chinntiú. Áirítear orthu sin comhordú an Chláir Chigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac mar a rinne na OSCanna agus monatóireacht ar an Líne Ló-ghlao um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Thobac. Reáchtáil an Oifig feachtas eolais poiblí náisiúnta freisin chun fostóirí, fostaithe agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas maidir le feidhmiú agus forfheidhmiú rathúil an dlí agus an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh leanúnach.

An Clár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac

Rinneadh ollphlean oibre i rith 2005 faoin gClár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac lena n-áirítear:

- Thug OSCanna 35,042 cigireacht chun críche agus bhí 38 ionchúiseamh ann de bharr neamhchomhlíonadh na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac;
- Monatóireacht leanúnach ar an Líne um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Thobac. Bhí 1,353 glao ann i 2005;
- Bunaíodh comhaltacht de ghrúpa oibre chun treoir a ullmhú ar riachtanais na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac le tagairt ar leith do limistéir chaite tobac lasmuigh;

- Eagraíodh seimineár OSC chun saincheisteanna forfheidhmithe maidir le láithreacha oibre saor ó thobac a scrúdú;
- Cuidíodh leis an FSS bunachar sonraí náisiúnta um rialú tobac a fhorbairt;
- Rinneadh cathaoirleacht ar an nGrúpa Stiúrtha Náisiúnta Prótacail agus rinneadh athbhreithniú ar phrótacail náisiúnta an chlár chigireachta i gcomhar leis an gcoiste athbhreithnithe.

Cigireachtaí sa Láthair Oibre

Is sonraí ó chlár na gcigireachtaí a rinne gach limistéar FSS an phríomhfhoinsé eolais atá ann maidir le comhlíonadh na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac. Cruthaíodh an t-eolas sin trí phrótacail

agus taifid náisiúnta a úsáid agus léiríonn siad an leibhéal comhlíonta náisiúnta.


Faoi dheireadh 2005, bhí 35,042 cigireacht/seiceáil comhlíonta déanta ag OSCanna go náisiúnta. Léiríonn na táblaí agus na cairteacha seo a leanas an t-eolas a bailíodh ón gClár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac.

Tugann Tábla 1 achoimre ar na sonraí ar ghearáin, ar chigireachtaí agus ar leibhéal comhlíonta. Is é an toradh foriomlán a fhaightear ó na sonraí ná gur fhan leibhéal chomhlíonta náisiúnta ard i rith 2005. I ndáil leis an bhforáil maidir le láithreacha oibre saor ó thobac (Alt 47), fuarthas go raibh 95% de na háitribh a rinneadh cigireacht orthu ag comhlíonadh na reachtaíochta. Maidir leis an bhforáil faoi chomharthaíocht 'Cosc ar Tobac' (Alt 46), tuairiscíodh comhlíonadh náisiúnta de 87%.

Table 1: Sonraí Comhlíonta Náisiúnta


Cineál Gnó	Gearáin	Cigireachtaí	Alt 47 % Gearán	Alt 46 % Gearán
Óstán	57	1,456	94%	90%
Bialann	49	7,854	98%	88%
Áitribh Cheadúnaithe	758	9,843	87%	91%
Eile	323	15,889	98%	84%
Iomlán	1,187	35,042	95%	87%

Cairt 1: Alt 47 Cosc ar Chaitheamh Tobac - % Comhlíonadh de réir Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



Cuireann Cairt 1 an ráta comhlíonta ag limistéar FSS amhail dheireadh na bliana i láthair i ndáil leis an bhforáil láithreacha oibre saor ó thobac. Réimsigh na leibhéil chomhlíonta idir 89% agus 98%.

Cairt 2: Alt 46 Comharthaíocht 'Cosc ar Tobac - % Comhlíonadh de réir Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte



Cuireann Cairt 2 an ráta comhlíonta ag limistéar FSS i láthair i ndáil leis an bhforáil faoi chomharthaíocht 'Cosc ar Tobac'. Réimsigh na leibhéil comhlíonta idir 73% agus 94%.

Ionchúisimh

I 2005, rinneadh 38 ionchúiseamh maidir le cionta faoi chomharthaíocht agus faoi chead a thabhairt tobac a chaitheamh i láithreacha oibre iata araon.

- Bhain 32 díobh le háitribh cheadúnaithe;
- Bhain ceithre cinn le comhlachtaí tacsáí;
- Bhí ceann amháin i gcoinne siopa miondíola; agus
- Bhí ceann i gcoinne duine den phobal de bharr go rabhtas ag caitheamh tobac in áit shonraithe.

D'éirigh le 37 de na cásanna agus díbheadh ceann amháin.

Seo a leanas an líon ionchúiseamh a tógadh i ngach limistéar FSS:

- Seacht gcinn in FSS Limistéar an Oirdheiscirt;
- Seacht gcinn in FSS Limistéar an Iarthair Láir;
- Sé cinn in FSS Limistéar an Tuaiscirt;
- Sé cinn in FSS Limistéar an Iarthair;
- Cúig cinn in FSS Limistéar Lár Tíre;
- Trí cinn in FSS Limistéar an Iarthuaiscirt;
- Péire in FSS Limistéar an Oirthuaiscirt;

- Ceann in FSS Limistéar an Deiscirt;
- Ceann in FSS Limistéar an Iardheiscirt.

Líne um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Tobac

Tháinig an Líne Ló-ghlao um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Tobac (1890 333 100) i bhfeidhm an 29 Márta 2004 ag an am céanna le tabhairt isteach na reachtaíochta. Is é aidhm na líne ná tacaíocht bhreise a thabhairt chun comhlíonadh na reachtaíochta a choimeád agus a fhorbairt. Is cuid thábhachtach den Chlár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac é an Líne ló-ghlao um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Tobac a bheith ar fáil go leanúnach, rud a chinnteoidh go soláthrófar bealach éifeachtach do dhaoine chun go bhféadfaid siad a n-ábhar imní nó a ngearán a chlárú i ndáil le neamhchomhlíonadh an dlí.

Rinneadh 1,353 glao ar an iomlán chuig an líne um chomhlíonadh i rith 2005. Thit líon na nglaoanna go mór i gcomparáid le leibhéal 2004, sin teistiméireacht don leibhéal ard a bhí ag comhlíonadh an dlí agus gur glacadh leis an reachtaíocht i measc an phobail i gcoitinne.

Tábla 2: Líne um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Tobac

Cineál Glao	Ean	Feabh	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M. Fó	D. Fó	Samh	Noll	Iomlán
Gearán	128	109	159	155	89	108	55	43	53	63	64	52	1,078
Iarratas ar eolas	2	0	0	1	1	4	4	0	1	3	0	0	16
Ceist	39	32	40	40	14	11	7	6	1	1	7	1	199
Glao Bréige	6	4	5	10	6	2	1	2	1	0	3	20	60
Líon iomlán Glaonna	175	145	204	206	110	125	67	51	56	67	74	73	1,353

Tháinig ardú ar líon na ngearán chuig an líne um chomhlíonadh, tháinig laghdú suntasach ar líon na n-iarratas ar eolas agus ardú ar thuiscint agus ar chur amach an phobail ar an reachtaíocht. Is gearáin a bhí i 1,078 nó 80% de na glaonna a fuarthas i gcomparáid le 60% sa bhliain roimhe sin. Fuarthas 71% de na glaonna (965) i 2005 sa chéad sé mhí den bhliain.

I rith na tréimhse 12 mí atá faoi athbhreithniú, bhain 708 (66%) de na 1078 glao gearáin a fuarthas leis an earnáil fáilteachais agus bhain 639 díobh sin le háitribh cheadúnaithe.

Cé gur tháinig laghdú ar líon na nglaoanna, leanfaidh an Líne um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Thobac dá feidhm a chomhlíonadh, is é sin tacaíocht bhreise a thabhairt don Chlár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac mar aon le bealach caoithiúil agus éifeachtach ó thaobh costais de a thabhairt dóibh sin ar mian leo sárúithe ar an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac a thuairisciú.

Fiosrúcháin

Sa bhreis ar ghlaonna a fuarthas tríd an Líne um Chomhlíonadh na Reachtaíochta Saor ó Thobac, d'fhreagair aonad na hOifige Cigireachta os cionn 700 fiosrú eolais agus gearáin faoin reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac agus soláthraíodh treoir don tionscal fáilteachais agus do láithreacha oibre eile.

Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Prótacail

Sular tugadh isteach an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac, chuir an Oifig i gcomhar leis an FSS agus An Roinn Sláinte agus Leanaí, sraith treoir phrótacail agus thaifead mar aon le bunachar sonraí gaolmhar ar fáil. Ba é an aidhm a bhí leis an tionscnamh sin ná cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i measc OSCanna d'fhorfheidhmiú an bhirt um rialú tobac seo.

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar na prótacail sin i rith 2005 de bharr taithí oibríochta OSCanna agus aiseolas uathu. Rinne fochoiste den Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta Prótacail, faoi chathaoirleacht na hOifige, an t-athbhreithniú agus déanfaidh sé maoirseacht ar tháirgeadh phrótacail athbhreithnithe agus leasaithe go luath i 2006.

Seimineár d'Fhoireann na Seirbhíse Sláinte Comhshaoil

Tá forfheidhmiú rithábachtach do chlár cigireachta éifeachtach. D'eagraigh an Oifig seimineár do na OSCanna i 2005 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gné sin den chlár.

Seo a leanas cuspóir an tseimineáir:

- Gné fhorfheidhme an chlár cigireachta a mheas agus athbhreithniú a dhéanamh ar chásdlí;

- Malartú eolais agus an taithí a fuarthas trí fhorbairt chásdlí a éascú;
- Oiliúint ar fhianaise a chur i láthair faoi chroscheistiú a sholáthar ar cad is réimse nua dlí ann.

Bhí aiseolas dearfach ann maidir leis an imeacht sin, agus leanfaidh roinnt an eolais de a bheith luachmhar dóibh sin ar fad a bheidh rannpháirteach i bhforfheidhmiú rialú tobac.

Bunachar Sonraí Náisiúnta

Tá an Oifig ag cuidiú le grúpa oibre FSS, arb é an tasc atá acu bunachar sonraí náisiúnta um rialú tobac a fhorbairt. Nuair a bheidh an bunachar sonraí seo críochnaithe soláthróidh sé ardán náisiúnta chun eolas a chruthóidh an Clár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac a choimeád. Beidh sin mar shócmhainn luachmhar chun cuidiú le foirmiú polasaí agus tionscnaimh a thiocthaí as.

Limistéir Chaite Tobac Lasmuigh

Bhí an Oifig, mar aon le hionadaithe de na OSCanna, mar chuid de ghrúpa oibre faoi chathaoirleacht na Roinne Sláinte agus Leanaí. Bunaíodh an grúpa oibre chun treoir a ullmhú ar riachtanais na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac le tagairt ar leith don díolúine maidir le limistéir/foscadáin chaite tobac lasmuigh. Chuir an grúpa oibre dréacht deiridh den treoir os comhair na Roinne i mBealtaine 2005 agus tá sin á bhreithniú faoi láthair.

Feachtas Eolais Poiblí

Chuaigh an Oifig i mbun feachtais fógraíochta náisiúnta teilifíse agus raidió in Earrach 2005 bunaithe ar a téama 'Tá ag éirí le saol gan tobac, bíodh sin amhlaidh'. Bhí an feachtas, a seoladh ar dtús i ndeireadh 2004, mar an tríú céim de chlár eolais poiblí atá deartha chun cur le feachtas faoi reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac, tacaíocht a fháil don bheart agus na hardleibhéil chomhlíonta a chur in iúl.

Threisigh an feachtas an teachtaireacht go n-oibríonn láithreacha oibre saor ó thobac do shláinte agus d'fholláine fhostaithe. Cuireadh i gcuimhne do dhaoine freisin go bhfuil líne lóghlao um Chomhlíonadh ann ar féidir le daoine a úsáid chun gearáin a chlárú nó eolas a iarraidh.

fuarthas go raibh

95%

de na háitribh a ndearnadh
cigireacht orthu mar chuid
den Chlár Cigireachta
Náisiúnta um Rialú Tobac
maidir le láithreacha oibre
saor ó thobac ag comhlíonadh
na reachtaíochta



cuspóir

**comhairle a chur
ar an Aire Sláinte
agus Leanaí**

02

cuspóir 2

Chun comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus cuidiú léi ag cur polasaithe agus cuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil tháirgí tobac i bhfeidhm

Ceann de na príomhfheidhmeanna den Oifig um Rialú Tobac ná comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus Leanaí i ndáil le húsáid tobac, na tionchair a bhíonn aige ar dhaoine go ginearálta agus bearta a mholadh a laghdódh nó a chuirfeadh deireadh le caitheamh tobac agus na tionchair a bhíonn aige ar an tsochaí.

Tá an Oifig freagrach go sonrach as cuidiú leis an Aire polasaithe agus cuspóirí an Rialtais maidir le rialú agus rialáil tháirgí tobac a fheidhmiú. Tá an Oifig faoi dhualgas comhairle a sholáthar nuair a iarrtar sin maidir le:

- Déantúsaíocht, allmhairiú, díol nó soláthar agus caitheamh tháirgí tobac;
- Straitéisí a úsáideann déantúsóirí, allmhaireoirí, dáileoirí nó miondíoltóirí tháirgí tobac;
- Teicneolaíocht a úsáidtear i ndéantúsaíocht, i dtáirgeadh, i margaíocht tháirgí tobac agus i nuálachtaí gaolmhara ina thaobh sin.

Comhordaíonn agus déanann an Oifig monatóireacht ar chomhlíonadh na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac tríd an gClár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac agus coimeádann an Oifig an tAire agus údaráis chuí eile ar an eolas chomh maith le comhairle a thabhairt ar éifeachtacht na reachtaíochta seo go ginearálta.

Lean an Oifig i rith 2005 de bheith ag déanamh monatóireachta ar an líon daoine a chaitheann toitíní agus ar iompar chaitheamh tobac ar bhonn míosúil chun íomhá mhionsonraithe de phatrúin chaitheamh tobac in

Éirinn a fháil agus chun treochearta a aithint sa phatrún sin. Cuirtear an t-eolas sin ar aghaidh go dtí an Rialtas ar bhonn leanúnach agus cuidíonn sin le bheith mar eolas do chinntí polasaí agus cuireann an t-eolas sin le bonn fianaise chun bearta a fhorbairt a bheidh riachtanach chun sochaí saor ó thobac a bhaint amach.

Léiríonn sárfhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta gurb é an bealach is éifeachtaí le haghaidh a thabhairt ar mhórchéist an tobac ná trí phraghas. Inár n-aighneacht réamhBhuiséid, chuir an Oifig in iúl go mbeadh tionchar coisc ag méadú ar chánacha tobac, go háirithe ar thoitíní agus ar thobac as a ndéanann daoine féin a gcuid toitíní, ar dhaoine óga, rud a chuirfeadh cosc ar na mílte gan tosú ag caitheamh an chéad lá riamh. Faraor, níor cuireadh aon athruithe ar leibhéil máil tobac i mBuiséad 2006 agus is é an toradh atá ar sin ná go bhfuil toitíní níos inacmhainne ná mar a bhí riamh cheana.

D'ullmhaigh an Oifig a dTuarascáil Bhliantúil 2004 agus chuir faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí í de bhun alt 25 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Léirigh an tuarascáil sin príomhghníomhaíochtaí na hOifige i rith 2004 agus áirítear ann cuntais airgeadais don bhliain.

D'oibrigh an Oifig leis an Tánaiste agus lena hoifigigh ón Roinn Sláinte agus Leanaí i rith 2005 lena chinntiú go ndaingneodh Éire an Creat-Choinbhinsiún ar Rialú Tobac de chuid na hESD. Tá sé mar aidhm ag an Coinbhinsiún, arb é an chéad chonradh sláinte poiblí é ar domhan, bás agus galair a bhaineann le tobac a laghdú. Ar an 7 Samhain 2005 bhí Éire ar an 101ú tír a rinne an Coinbhinsiún a dhaingniú.

cuspoir
taighde a dheanamh

03

cuspóir 3

Chun taighde a dhéanamh agus toradh an taighde a scaipeadh mar threisiú le tionscnaimh a bhfuil fianaise leo chun tobac a rialú

Tá bunús fianaise láidir riachtanach le bheith mar bhonn do chláir rialaithe tobac agus chun polasaí sláinte poiblí éifeachtach a fhorbairt. Mar thoradh air sin, is príomhghné de ghníomhaíochtaí na hOifige é taighde. Tá ár bhfeidhmeanna maidir leis sin leagtha amach faoi Alt 10 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002. Áirítear orthu sin:

- Tabhairt faoi taighde atá dírithe ar bhearta is dócha a laghdóidh caitheamh tobac nó na torthaí a bhaineann leis a aithint nó urraíocht a dhéanamh ar an taighde sin nó é a choimisiúnú;
- Tuairiscí taighde cuí a ullmhú agus a fhoilsiú.

Feidhmíonn an Oifig an fheidhm sin trí mhaoiniú a chur ar fáil don Institiúid Taighde do Shocháí Saor ó Thobac. Déanann an Oifig tionscadail shonracha a choimisiúnú ón Institiúid Taighde chomh maith le hobair a choimisiúnú le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí cuí eile.

Le linn 2005 rinneadh dul chun cinn ar an obair seo a leanas sa réimse sin:

- An Institiúid Taighde do Shocháí Saor ó Thobac;
- Staidéar Uile-Éireann ar Oibríthe Beáir;
- Treochtaí i gCaitheamh Tobac – Suirbhé Rianaithe;
- Suirbhéanna ar thuairimí an phobail;
- Suirbhé ar Stíl Mhaireachtála.

An Institiúid Taighde do Shocháí Saor ó Thobac

Is cuideachta theoranta í an Institiúid Taighde a bunaíodh mar chomhpháirtíocht idir An Oifig um Rialú Tobac agus ASH Ireland/Foras Croí na hÉireann/Cumann Ailse na hÉireann. Lean an Oifig le maoiniú a thabhairt don Institiúid Taighde i 2005.

Is í príomhaidhm na hInstitiúide pobal acadúil il-disciplíneach a chruthú bunaithe ar an tsaincheist tobac a rialú agus tacú le sochaí saor ó tobac a fhorbairt trí thaighde a dhéanamh ar gach gné den tobac ó dhearcadh sláinte poiblí, lena n-áirítear na disciplíní seo a leanas — ceimic, bithcheimic le tocsaineolaíocht san áireamh, eacnamaíocht, dlí, eolaíochtaí iompraíochta le margaíocht agus fógraíocht san áireamh, oideachas, disciplíní achtúireacha, eipidéimeolaíochta agus liachta agus disciplíní seirbhíse sláinte eile.

Tá an Institiúid Taighde ag déanamh dul chun cinn ar roinnt tionscadal ar thionchar na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó tobac. Is í príomhaidhm na reachtaíochta sin ná daoine, oibríthe go háirithe, a chosaint ó dhroch-éifeachtaí deataigh ó tobac daoine eile. Tá na réamh-thorthaí ó na staidéir sin dearfach chomh fada agus a bhaineann le sochair atá ag teacht chun cinn cheana féin ón mbeart. Tá na staidéir le foilsiú i 2006.

Staidéar Uile-Éireann ar Bheáir

Rinne an Oifig maoiniú i bpáirt (tríd an Institiúid Taighde do Shocháí Saor ó Thobac) ar Staidéar Uile-Éireann ar Bheáir faoi cheannaireacht an Dr Shane Allwright i ndáil le tionchair sláinte na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó tobac.

Léiríonn an staidéar go soiléir go bhfuil an ráta ard comhlíonta don bheart nua sin ag cruthú cáilíochta aeir níos fearr i mbeáir, rud a fhágann go mbíonn sláinte feabhsaithe ag oibríthe.

Foilsíodh na chéad torthaí den staidéar sa British Medical Journal (BMJ) i rith 2005. Léirigh an taighde sin an méid seo a leanas:

- I measc na ndaoine nach gcaitheann tobac, laghdaigh an méid cotinine sa tseile 80% i bPoblacht na hÉireann agus 20% i dTuaisceart Éireann;
- Thit teagmháil le deatach ó thobac daoine eile ag an obair go suntasach i bPoblacht na hÉireann ach níor thit sí ach méid beag i dTuaisceart Éireann;
- Thit teagmhálacha taobh amuigh den obair go suntasach freisin i bPoblacht na hÉireann ach d'ardaigh siad i dTuaisceart Éireann;
- I bPoblacht na hÉireann, tar éis don reachtaíocht teacht isteach, bhí titim suntasach i gcéatadán foirne beáir a raibh airíonna riospráide orthu.
- Caitheann 17.6% de dhaoine idir 15-18 bliana d'aois tobac agus ní chaitheann ach 10% de dhaoine 71 bliana d'aois nó os a chionn tobac;
- Is é an t-aoisghrúpa ina bhfuil an ráta is airde de dhaoine a chaitheann tobac ná daoine 19-35 bliana d'aois le 32.4% ag tuairisciú go caitheann siad tobac;
- Is i mBaile Átha Cliath atá na rátaí chaitheamh toitíní is airde (25.7%) agus is i gConnacht/Uladh atá an ráta is ísle (20.9%);
- Tá ceannasaíocht go fóill ag cúig bhranda toitíní ar an margadh le difríochtaí suntasacha le feiceáil i bpatrúin tomhaltóirí de réir inscne agus aoise.

Treochtaí i gCaitheamh Tobac – Suirbhé Rianaithe

Déanann an Oifig monatóireacht ar an líon daoine a chaitheann tobac agus ar a gcuid iompair ina leith ar bhonn míosúil chun pictiúr mionsonraithe a fháil ar phatrúin chaitheamh tobac in Éirinn agus chun treochtaí sa phatrún sin a aithint. Thosaigh an rianú míosúil seo i Mí Iúil 2002. Tá na sonraí a thuairiscítear an-áisiúil mar fhaisnéis ar chinntí pholasaí rialtais agus cuireann siad leis an mbunús fianaise chun forbairt a dhéanamh ar na bearta atá riachtanach chun sochaí saor ó tobac a bhaint amach.

Tá an tsraith sonraí curtha le chéile ó shuirbhé teileafóin a rinne gníomhaireacht taighde TNS mrbi. Is éard atá sna sonraí bailiúchán de 1,000 freagra in aghaidh na míosa ó dhaoine de dhaoine na hÉireann atá os cionn 15 bliana d'aois agus déantar ionadaíocht náisiúnta ar inscne, aois, aicme shóisialach agus creideamh.

Déantar anailís ar an líon daoine a chaitheann tobac faoin rangú déimeagrafach sin chun cur lenár dtuiscint ar iompar na ndaoine a chaitheann tobac. Cuirtear sonraí ar thomhaltas toitíní agus rogha branda i láthair freisin.

Léiríonn na sonraí taighde is deireanaí atá ar fáil gur laghdaíodh an líon daoine a chaith tobac in Éirinn i 2005 go dtí níos lú ná 24% ó 31% i 1998 agus 27% i 2001 (Suirbhé Slán)*. Mar sin féin, thaispeáin an treocht síos sin sa líon daoine a chaitheann tobac cúlú beag i 2005 a léiríonn an gá atá le feachtais chuimsitheacha leanúnacha. I measc príomhthorthaí an taighde tá:

- Caitheann 24.1% de mhná os cionn 15 bliana d'aois i gcomparáid le 23.7% d'fhir.

Tá torthaí achoimre ón taighde sin leagtha amach in Aguisín A.

*(Tabhair ar aird le do thoil gur úsáid Slán modheolaíochtaí suirbhé difriúla)

Suirbhéanna ar thuairimí an phobail

I rith 2005, choimisiúnaigh an Oifig TNS mrbi chun tabhairt faoi thaighde ar thacaíocht an phobail don reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó tobac lenar áiríodh dearcaí agus iompar i leith an dlí a chomhlíonadh.

Tuairimíocht an phobail ar an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó tobac

I Mí Márta 2005, beagnach bliain tar éis an reachtaíocht a thabhairt isteach, léirigh suirbhé ar dhearcaí gur thacaigh an pobal go mór leis an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó tobac:

- Measann 93% de na daoine gur smaoineamh maith é an dlí a thabhairt isteach, 80% de na daoine a chaitheann tobac san áireamh;
- Creideann 96% de na daoine go bhfuil ag éirí leis an dlí, 89% de na daoine a chaitheann tobac san áireamh;
- Measann 98% de na daoine go bhfuil láithreacha oibre níos sláintiúla ó tugadh isteach an dlí, 94% de na daoine a chaitheann tobac san áireamh.

Léiríonn an taighde sin go n-aithníonn an pobal ar fad beagnach, idir dhaoine a chaitheann tobac agus dhaoine nach gcaitheann, go bhfuil ag éirí leis an dlí saor ó tobac agus gur beart sláinte poiblí dearfach é.

Taighde ar dhearcaí agus iompar an phobail maidir le comhlíonadh

Rinneadh suirbhéanna ar dhearcaí an phobail i ndáil leis an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac i mí Feabhra agus i mí na Nollag 2005. Rinneadh staidéir den sórt céanna i rith 2004 sular tugadh an dlí isteach agus ina dhiaidh sin. Léiríonn na sonraí is deireanaí arís go bhfuil ráta ard comhlíonta leis an mbeart ann agus go bhfuil siad ag teacht le torthaí an Chláir Chigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac:

- Gach láthair oibre iata
 - Tuairiscíonn 98% de na hoibrithe faoi dhíon ar fad nach raibh a dtimpeallacht láthair oibre deatúil ó tugadh isteach an dlí maidir le láithreacha oibre saor ó thobac.
- Tithe Tábhairne
 - Ó tugadh isteach an dlí nua, thuairisc 95% de na daoine a thug cuairt ar an teach tábhairne sa choicís roimhe sin nach raibh timpeallacht deatúil ann. Ba é an figiúr i gcomparáid leis sin sular tugadh isteach an dlí maidir le láithreacha oibre saor ó thobac ná 46%;
 - Maidir le gach duine a chaith tobac a ndearnadh suirbhé orthu agus a thug cuairt ar an teach tábhairne sa choicís roimhe sin, chaith 95% díobh tobac lasmuigh den teach tábhairne nó níor chaith siad tobac ar chor ar bith. Roghnaigh beagnach

duine as cúigear de na daoine a chaitheann tobac gan caitheamh ar chor ar bith agus iad amuigh go sóisialta.

Suirbhé ar Stíl Mhaireachtála

Tá sé riachtanach sonraí bunlíne iontaofa a tháirgeadh do thrasghearradh ionadaíoch de dhaoine na hÉireann le bheith mar fhaisnéis do pholasaí agus do chláir rialaithe tobac amach anseo.

I rith 2005 choimisiúnigh An Oifig um Rialú Tobac TNS mbeo chun Suirbhé ar Stíl Mhaireachtála a dhéanamh le dearcaí phobal na hÉireann i leith chaitheamh tobac agus úsáid tobac go ginearálta a dhéanamh amach agus a thomhas. D'fhiosraigh an suirbhé dearcaí agus tuairimí phobal na hÉireann freisin i leith úsáid tobac a rialú agus d'fhiosraigh sé na leibhéil tacaíochta do bhearta rialaithe tobac.

Tabharfaidh an suirbhé deis fachtóirí a thomhas an athair amach anseo. Mar sin is féidir treochtaí a aithint agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe lena chinntiú go leanfar leis na tionscnaimh rialaithe tobac is éifeachtaí. Foilseofar príomhthorthaí an tSuirbhé ar Stíl Mhaireachtála i rith 2006.



cuspoir
an tairbhe a
chur in iúl

04

cuspóir 4

Chun an tairbhe a bhaineann le hathrú go dtí sochaí saor ó thobac a chur in iúl

Is príomh-chuspóir don Oifig um Rialú Tobac é eolas a thabhairt do thuairimíocht an phobail agus tacaíocht do bhearta rialuithe tobac a fhorbairt. Taispeánann fianaise go mbíonn ról ríthábhachtach ag rialuithe comhshaoil agus ag rialú cuimsitheach ar tháirgí tobac maidir le tomhaltas tobac a laghdú, i measc daoine óga go háirithe. Ní féidir le rialuithe mar sin a bheith éifeachtach, áfach, ach amháin sa chás go mbíonn na daoine faoina dtionchar ar an eolas go hiomlán faoina gcuid oibleagáidí agus sa chás go dtacaíonn an tsochaí i gcoitinne leo agus go n-éilíonn sí go gcomhlíonfar iad.

I gcomhthéacs na bliana 2005 dhírigh an Oifig ar na gníomhaíochtaí cumarsáide seo a leanas:

- Cur le feidhmiú rathúil an tionscnaimh do láithreacha oibre saor ó thobac. Léirigh an Oifig go raibh leibhéil arda de chomhlíonadh na reachtaíochta nua ann agus na sochair a bhain léi;
- Comóradh bliana de thabhairt isteach an dlí a cheiliúradh an 29 Márta 2005;
- *Smoke-Free Workplaces in Ireland: A One-Year Review* a fhoilsiú;
- Comhoibriú idirnáisiúnta le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí comhchosúla;
- Comhoibriú leantach leis An Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an FSS chomh maith le comhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha eile a bhfuil leasanna i gcomhar acu.

D'éisigh an Oifig preasráitis freisin, láimhseáil sí ceisteanna ó na meáin agus thionóil sí cruinnithe meán éagsúla. Scaip sí foilseacháin agus cáipéisí teoracha, láimhseáil sí ceisteanna eolais ghinearálta agus thug sí faoi athdhearadh a dhéanamh ar a láithreán gréasáin www.otc.ie

Láithreacha Oibre Saor ó Tobac – Comóradh Bliana

Chun comóradh bliana na reachtaíochta maidir le

láithreacha oibre saor ó thobac a cheiliúradh, réachtáil an Oifig ócáid i mBaile Átha Cliath ar an 29 Márta 2005. Ba é an tUasal Séan Power TD, Aire Stáit ag An Roinn Sláinte agus Leanaí a bhí mar óstach ag an ócáid, a bhí dírithe ar fheidhmiú rathúil an bhirt agus d'aithin sé tiomantas gach príomh-chomhpháirtí agus geallsealbhoir a thug tacaíocht agus a chuaigh i mbun feachtais chun é a thabhairt isteach.

Cuireadh taighde réamhléiritheach i láthair freisin ag an ócáid, a léirigh sochair sláinte an dlí. Thaispeáin torthaí go bhfuil feabhas mór tagtha ar cháilíocht aeir i dtithe tábhairne ó tugadh an dlí saor ó thobac isteach agus tá mionsonraí faoi na staidéir sin le fáil ar leathanach 20 den tuarascáil seo.

Táirgeadh foilseachán ar a dtugtar *Smoke-Free Workplaces in Ireland: A One-Year Review* an tráth sin agus san áireamh ann bhí faisnéis ar na rudaí seo a leanas:

- Comhlíonadh;
- Tuairimíocht an phobail;
- Éifeachtaí sláinte;
- Díolacháin bheáir, fostaíocht fáilteachais agus sonraí turasóireachta.

Naisc agus Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

I rith 2005, lean an Oifig ag treisiú a naisc idirnáisiúnta le heagraíochtaí agus líonraí ábhartha agus chuir sí le tionscadail comhoibríocha.

An Eagraíocht Sláinte Domhanda

Is é Creat-Choinbhinsiún ar Rialú Tobac de chuid na hESD an chéad chonradh sláinte poiblí ar domhan agus is é an aidhm atá leis an líon básanna agus galair a bhaineann le tobac a laghdú. Mar atá leagtha amach cheana sa tuarascáil seo, d'oibrigh an Oifig go fairsing leis an Tanáiste agus lena i rith 2005 lena chinntiú go ndaingneodh Éire an Coinbhinsiún ar an 7 Samhain 2005.

I rith 2005 thug an ESD cuireadh don Oifig a bheith mar chuid den ghrúpa dréachta don Tuarascáil Eorpach ar Rialú Tobac 2006. D'eagraigh agus d'óstaigh an Oifig

céad chruinniú an ghrúpa dréachta i mBaile Átha Cliath i Mí na Samhna.

Toscaireachtaí ar Cuairt

Bhí an Oifig ina óstach do thoscaireachtaí idirnáisiúnta agus parlaiminte ó gach cearn den domhan mar aitheantas d'Éirinn as reachtaíocht cheannródaíoch maidir le láithreacha oibre saor ó thobac a thabhairt isteach. Díríodh ar ról na hOifige sna hullmhúcháin agus sa chomhordú do thabhairt isteach na reachtaíochta chomh maith le monatóireacht agus cigireacht leanúnach a dhéanamh uirthi. Tháinig toscaireachtaí Eorpacha ón mBeilg, ón Danmhairg, ó Shasana, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ó Gheirsí, ó Thuaisceart Éireann, ón Iorua, ó Albain, agus ón mBreatain Bheag. Thug toscaireachtaí ón Astráil, ón Malaeisia agus ó Hong Cong cuairteanna freisin.

Comhdhálacha agus Cruinnithe

Bhí ionadaithe ón Oifig rannpháirteach i roinnt mhaith cruinnithe grúpa oibre ar pholasáil rialaithe tobac a fhorbairt ar fud na hEorpa. Rinneadh cur i láthair freisin ag roinnt ócáidí agus chuig roinnt páirtithe leasmhara. Áiríodh orthu sin Aireacht Sláinte na Spáinne, Coiste Sláinte Parlaiminte na Ríochta Aontaithe, Cancer Research UK agus Fóram Eacnamaíochta Sláinte Thuaisceart Éireann. Rinneadh cur i láthair freisin don fhóram Saincheisteanna Chaitheamh Tobac d'Éirinn sa 21ú Céad a d'eagraigh limistéar an Oirthuaiscirt den FSS.

Ina theannta sin, d'fhreastal an fhoireann ar imeachtaí ar nós an Chomhdháil um Eoraip Saor ó Thobac i Lucsamburg, sainchruinniú ar Straitéis Eorpach do Rialú Tobac an ESD i bPáras agus an Cheardlann ar Thobac, Éagothromas Sláinte agus Trádáil Aindleathach a d'eagraigh An Roinn Sláinte sa Ríocht Aontaithe.

Comhpháirtíocht

Is príomh-thasc don Oifig é úinéireacht an tionscnaimh ar shochaí saor ó thobac a shíneadh. Leanamar den chumarsáid le príomh-chomhpháirtithe, mar cheardchumainn, agus mholamar do dhaoine agus d'eagraíochtaí a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí rialaithe tobac sa bhaile agus thar lear.

Is príomhghné é rannpháirtíocht eagraíochtaí neamhrialtasacha i bhforbairt polasaithe éifeachtacha rialaithe tobac. Maidir leis sin, bhí comhpháirtíocht na hOifige le ASH Ireland, Cumann Ailse na hÉireann, Foras Croí na hÉireann agus Cumann na nOifigeach Sláinte Comhshaoil thar a bheith luachmhar.

Is léir, i gcomhthéacs ár ngníomhaíochtaí forfheidhmithe, go bhfuil sé riachtanach dlúth-naisc a chothabháil le raon leathan gníomhaireachtaí. Le linn 2005 d'oibrigh an Oifig go dlúth leis An Roinn Sláinte

agus Leanáí chomh maith leis an FSS agus leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Fiosruithe Eolais

In 2005 thug an Oifig freagra ar bhreis is 1300 iarratas ar eolas a tháinig chun na hoifige ar an bhfón, ar fhaics, ar ríomhphost nó i litreacha. Tá deis ar láithreán gréasáin na hoifige freisin 'déan teagmháil linn' agus fuarthas líon maith iarratas ar an modh sin. Déileáladh freisin le fiosruithe ó dhaoine gairmiúla a bhfuil baint acu le rialú tobac.

Fiosruithe ón bPreas agus Caidreamh leis na Meáin

Bhí roinnt mhaith spéise ó na meáin i rith 2005 i mbearta rialaithe tobac le spéis faoi leith sa mhonatóireacht ar an reachtaíocht maidir le láithreacha oibre saor ó thobac. Ó tharla gurb í Éire an chéad tír ar domhan leis an dlí sin a thabhairt isteach tá aird na meán idirnáisiúnta tarraingthe aige agus bíonn éileamh seasta ó thaobh ionchuir chuig an meán clóite, agus rannpháirtíocht sa nuacht, i gcúrsaí reatha, i gcláir faisnéise agus i gcláir eile raidió agus teilifíse.

Dá bharr sin dhéileáil an Oifig le thart ar 250 fiosrú ón bpreas. An toradh a bhí ar go leor de na fiosruithe sin agallaimh le hurlabhraithe ón Oifig do raon leathan meáin chraoltóireachta clóite agus craoltóireachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tugadh tuairiscí go forleathan ar ár gcuid gníomhaíochtaí sna meáin i rith na bliana.

An Láithreán Gréasáin

Tá ról tábhachtach ag láithreán gréasáin na hOifige www.otc.ie ó thaobh cumarsáid a dhéanamh agus eolas a scaipeadh ar raon leathan dreamanna éagsúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, na meáin, comhpháirtithe sóisialta, daoine gairmiúla in earnáil na sláinte, comhpháirtithe rialacháin, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Déantar an láithreán gréasáin a thabhairt cothrom le dáta go rialta le preasráitis, le foilseacháin agus eolas cuí eile ar raon ábhair a bhaineann le rialú tobac.

In 2005 thug an Oifig faoi athdhearadh ar an láithreán gréasáin chun é a dhéanamh níos éasca rochtain a bheith ar an láithreán agus é a leanúint níos éasca agus chun gnéithe agus rannóga nua a thabhairt isteach ann. Áiríodh orthu sin forbairtí eile ar chóras bainistíochta ábhar an láithreáin ghréasáin agus roinnt feabhsúcháin chun an chaoi a mbreathnaíonn an láithreán agus an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar dhaoine a thabhairt cothrom le dáta.

Ar an meán rinne breis is 1200 cuairteoir aonair rochtain ar an láithreán gréasáin in aghaidh na míosa in 2005.



an 7 Samhain 2005 bhí Éire ar an

101^ú

tír a rinne an Creat-Choinbhinsiún
ar Rialú Tobac de chuid na
hEagraíochta Sláinte Domhanda
a dhaingniú

cuspóir

**leanúint den fhorbairt
ar chríochnúlacht agus
ar acmhainn na hOifige**

05

cuspóir 5

Chun leanúint den fhorbairt ar chríochnúlacht agus ar acmhainn na hOifige agus a cuid foirne d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann sí a cuid feidhmeanna mar chomhlacht reachtúil

Ceann de príomhspriocanna don Oifig ná a bheith ina heagraíocht níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Chun an sprioc sin a bhaint amach d'fheidhmigh an Oifig raon tionscnamh i rith 2005 sna réimsí seo a leanas:

- Cóiríocht oifige;
- Teicneolaíocht an eolais;
- Acmhainní daonna agus oiliúint;
- Polasaithe agus nósanna imeachta;
- Airgeadas.

Cóiríocht Oifige

Óna tús bhí an Oifig lonnaithe ag oifigí sealadacha i gClonadh i gCo Chill Dara. Ag deireadh 2004 fuair an Oifig ceadú ón Roinn Sláinte agus Leanaí le cóiríocht oifige nua a fháil a dhéanfadh freastal níos éifeachtaí ar riachtanais atá ag athrú ó thaobh na foirne agus geallsealbhóirí eile. Is é an áit nua a roghnaíodh don chóiríocht nua ná Teach Willow i bPáirc na Mílaoise, Nás, Co Chill Dara.

Comhlíonann Teach Willow riachtanais na hOifige ó thaobh luach ar airgead agus ó thaobh an méid spáis atá ar fáil. Tá an Oifig ar dhara urlár an fhoirgnimh agus tá leagan amach nua-aimseartha agus fairsing ar an áit. Áirítear sa chóiríocht oifige aonair agus áiteanna plean oscailte chomh maith le seomra cruinnithe agus seomra boird. Tá sé éasca freisin taisteal go dtí áit na hOifige nua ó mhótarbhealach an M7 agus ón bpríomh-iarnród. Tá FSS a mbíonn an Oifig ag déileáil leo go rialta freisin suite i bPáirc na Mílaoise.

Thosaigh an t-athrú ón áit ina raibh an Oifig i gClonadh ar an 29 Iúil 2005 agus tugadh chun críche go maith é taobh istigh de dhá lá gan cur isteach mórán ar ghnáthobair na hOifige.

Acmhainní Daonna agus Oiliúint

Tá tábhacht lárnach straitéiseach le forbairt éifeachtach ar bhfoirne agus ar n-acmhainní daonna ó thaobh na hOifige agus tá sí an-tábhachtach ó thaobh éifeachtacht oibríochta. Is fachtóirí an-tábhachtacha sa chomhthéacs sin forbairt leanúnach scileanna ar gcuid foirne agus foireann nua a earcú.

I rith 2005 rinneadh próiseáil ar roinnt comórtas earcaíochta agus d'éirigh go maith leo sin agus cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann sna réimsí seo a leanas:

- Teicneolaíocht an eolais;
- Eirgeanamaic;
- Scileanna earcaíochta;
- Caidrimh phoiblí.

Teicneolaíocht an Eolais

Tugann forbairt ar ár gcumas i dTeicneolaíocht an Eolais deis don Oifig timpeallacht níos fearr a chruthú dár bhfoireann agus cuireann ar a gcumas feidhmiú níos éifeachtaí.

Rinneadh dul chun cinn ar fheabhsúcháin ar infrastruchtúr TE na hOifige i rith 2005, tháinig an deis ón athrú go dtí an chóiríocht oifige nua. Áiríodh orthu sin cothromú le dáta a dhéanamh ar stáisiúin oibre nua, suiteáil ar uasghráduithe bogearraí frith-víreas agus ródaire breise a cheannach agus a shuiteáil.

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Ceann de príomhriachtanais na hOifige ná folláine corparáide na heagraíochta a chinntiú trí pholasaithe

agus nósanna imeachta cuí a bheith bunaithe don Oifig. In 2005 eisíodh polasaithe agus nósanna imeachta nua don fhoireann i roinnt réimsí.

Leantar leis an obair leanúnach agus muid ag ullmhú do dhea-chleachtais acmhainní daonna ag teacht le forbairtí ar fud na seirbhíse poiblí

Airgeadas

Ceann de phríomhaidhmeanna Roinn na nGnóthaí Corparáide monatóireacht agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar Bhuiséad leithdháilte na hOifige agus a chinntiú go ndéantar freastal ar ár gcuid riachtanas faoi reachtaíocht cuntasachta agus íocaíochtaí go pras.

Fuair an Oifig buiséad leithdháilte de €1.8m in 2005 agus fuair ceadú chun thart ar €450K a éileamh ar

chaiteachas caipitil. Tugann na cuntais airgeadais (neamhiniúchta) atá leagtha amach thíos briseadh síos sa roinn ina dhiaidh seo ar an tslí ar caitheadh an leithdháileadh sin.

Chun cur leis na cuntais chuntasáíochta agus leis na nósanna imeachta rialaithe corparáide san eagraíocht tá athbhreithniú tugtha chun críche ar nósanna imeachta airgeadais na hOifige ag iniúchóir inmheánach a ceapadh i rith 2005. Tá measúnú riosca leathan beagnach tugtha chun críche freisin. Mar chuid de sin rinne gach roinn aithint ar na rioscaí a dhéanfadh difear do chuspóirí gnó na hOifige. Déanfar measúnú ar gach riosca ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige agus an dóigh go dtiocfadh an riosca chun bheith ann. Is é an measúnú riosca sin an chéad chéim ó thaobh fhorbairt fhoirmiúil chlár bainistíochta rioscaí foirmiúil don Oifig.



Iorgaíodh

38

**ionchúiseamh de bharr
neamhchomhlíonadh na
reachtaíochta maidir le
láithreacha oibre saor ó thobac**



cuntais airgeadais

ráiteas faoi na polasaithe cuntasáíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasáíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag plé le míreanna a meastar baint a bheith acu le hábhar i gcás na ráiteas airgeadais.

A. Bunús Cuntasáíochta

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir mhodh cuntasáíochta na bhfabhrúithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir choinbhinsiún na gcostas stairiúil i bhfoirm a cheadaigh an tAire Sláinte agus Leanaí, le haontú an Aire Airgeadais, de réir Alt 24 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002.

Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais arna moladh ag na heagraíochtaí cuntasáíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm. Cloíonn an Oifig chomh maith leis na caighdeáin chuntasáíochta a eisionn an tAire Sláinte agus Leanaí.

B. Deontais Stáit

Áirítear cuntas ar dheontais ón Roinn Sláinte agus Leanaí ar bhonn infhála.

Is iad na suimeanna a dháileann an Roinn i leith na bliana suas go dtí dáta deimhniúcháin na gcuntas ag an bPríomhfheidhmeannach a áirítear mar dheontais ón Roinn Sláinte agus Leanaí.

C. Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Léirítear sócmhainní docta inláimhsithe de réir an chostais lúide dímheas carnaithe. Cuirtear an dímheas de mhúirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn dronlíne, ar na rátaí bliantúla a leagtar amach thíos, d'fhonn díscríobh a dhéanamh ar na sócmhainní, arna leasú maidir leis an luach iarmhairte mheasta, ar feadh ré mheasta an fhónaimh i ngach catagóir mar is cuí.

(i) Trealamh ríomhaireachta agus bogearra 33%

(ii) Daingneáin agus feisteas 15%

(iii) Trealamh cumarsáide 15%

Soláthraítear do dhímheas iomlán bliana i mbliain na héadála.

D. Cuntas Caipitil

Léirítear luach neamhamúchta an ioncaim ón Roinn Sláinte agus Leanaí arna úsáid chun críche caipitil sa Chuntas Caipitil.

ráiteas ioncaim agus caiteachais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

	Nóta	31/12/2005 €	31/12/2004 €
Ioncam deontais	1	1,838,000	2,451,300
Ioncam Ilghnéitheach	2	2,554	1,645
		<hr/>	<hr/>
		1,840,554	2,452,945
Aistriú go dtí an/(ón) Cuntas Caipitil	8	19,206	8,833
		<hr/>	<hr/>
		1,859,760	2,461,778
Tuarastail & Pá	3	733,390	787,477
Costais Oibriúcháin eile	4	1,470,679	1,511,361
		<hr/>	<hr/>
		2,204,069	2,298,838
Barrachas/ (Easnamh) don tréimhse Iarmhéid an 1 Eanáir 2005		(334,309) 385,083	162,940 222,143
Iarmhéid an 31 Nollaig 2005		40,774	385,083

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na polasaithe cuntasáochta ar leathanach 32, agus nótaí 1 go dtí 10.

Níl gnóthachan ná cailteantas aitheanta ag an Oifig seachas iad sin a dtagraítear dóibh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

clár comhardaithe

Amhail an 31 Nollaig 2005

	Nóta	31/12/2005 €	31/12/2004 €
Sócmhainní Inláimhsithe	5	31,365	50,572
Sócmhainní Reatha			
Banc		778,569	-
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	6	86,549	1,102,825
		<hr/>	<hr/>
		865,118	1,102,825
Creidiúnaithe – Suimeanna a bheidh le hóc laistigh de bhliain amháin			
Rótharraingt Bainc		-	405,453
Creidiúnaithe & Fabhrú	7	824,344	312,289
		<hr/>	<hr/>
		824,344	717,742
Glan-Sócmhainní Reatha		40,774	385,083
Glan-Iomlán na Sócmhainní		72,139	435,655
Arna mhaoiniú ag:			
Cuntas Ioncaim & Caiteachais		40,774	385,083
Cuntas Caipitil	8	31,365	50,572
		<hr/>	<hr/>
		72,139	435,655

ráiteas faoi shreabhadh airgid

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005

Nóta	31/12/2005 €	31/12/2004 €
Réiteach idir an barrachas agus an glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta		
(Easnamh)/Barrachas don tréimhse	(344,309)	162,940
Aistriú go dtí an/(ón) Cuntas Caipitil	(19,206)	(8,833)
Muirear Dímhheasa	31,100	30,214
Diúscairt ar shócmhainní dochta	27	-
(Ardú)/Íslíú maidir le Féichiúnaithe	1,016,276	(1,066,663)
(Íslíú)/Ardú maidir le Creidiúnaithe	512,056	(65,506)
Ús Taisce	(2,554)	(1584)
Glan Eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	1,193,390	(949,432)
<hr/>		
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid		
Glan-Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	1,193,390	(949,432)
Toradh ar Infheistíocht agus Fónamh ar an Airgeadas		
Ús Taisce a Fuarthas	2,554	1,584
Caiteachas Caipitil		
Íocaíochtaí maidir le hÉadail ar Shócmhainní Dochta	(13,121)	(21,381)
Fáltais ó Dhiúscairt	1,200	-
Ardú/(Íslíú) maidir le Airgead Tirim	1,184,023	(969,229)
<hr/>		
Réiteach idir an glan-sreabhadh airgid agus an t-athrú ar ghlan-chistí/(ghlan-fhiachas)		
Glan-chistí amhail tús na bliana	(405,454)	563,775
Glan eis-sreabhadh airgid	1,184,023	(969,229)
Glan Chistí/(fiachas) amhail dheireadh na Bliana	778,569	(405,454)

nótaí leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2005

Nóta	31/12/2005 €	31/12/2004 €
1. Ioncam Deontais		
Deontas ón Roinn Sláinte & Leanaí	1,838,000	2,383,300
Deontas Costais Athfhillteach ERHA	-	68,000
	1,838,000	2,451,300
2. Ioncam Ilghnéitheach		
Ús Taisce	2,554	1,645
Ilghnéitheach	-	-
	2,554	1,645
3. Pá agus Tuarastail		
Cuimsítear le costais foirne:		
Tuarastail agus Pá	310,770	326,822
Tuarastail dhaoine den fhoireann ar iasacht	401,118	428,095
Costais maidir le hÁrachas Sóisialach	21,502	24,302
Foireann Shealadach	-	8,258
	733,390	787,477
4. Costais Feidhmiúcháin Eile		
Táille Iniúcháireachta	10,100	6,600
Costais Taistil	28,317	32,733
Oiliúint	7,903	2,349
Árachas	3,485	4,459
Stáiseanáireacht, Foilseacháin agus Postas	20,144	19,852
Teileafón agus Idirlíon	34,226	26,914
Institiúid Taighde	414,122	104,000
Costais Bhreise Taighde	146,272	104,633
Glantachán agus Tíos	10,012	11,215
Creat Cigireachta	99,264	121,840
Costais maidir le Finnéithe Saineolais	48,267	-
Cíos agus Táillí Seirbhíse	101,772	43,928
Táillí Dlí agus Lucht Gairme	105,899	73,987
Comhdhálacha	-	207,302
Cumarsáid agus Oideachas	361,201	661,386
Diúscairt ar Shócmhainní Dochta	27	-
Dímheas	31,100	30,214
Costais Oibríochta Eile	48,568	59,949
	1,470,679	1,511,361

	Trealamh Ríomhaireachta €	Trealamh Cumarsáide €	Daingneáin & Feisteas €	Iomlán €
5. Sócmhainní Dochta Inláimhsithe				
Amhail an 1 Eanáir 2005	136,575	25,461	19,890	181,926
Breis i rith na bliana	12,086	0	451,035	463,121
Diúscairt/Scaoileadh le Sócmhainní	(4,076)	0	0	(4,076)
Deontas Caipitil	0	0	(450,000)	(450,000)
Amhail an 31 Nollaig 2005	144,585	25,461	20,925	190,971
Dímheas Carnaithe				
Amhail an 1 Eanáir 2005	107,432	13,638	10,285	131,355
Muirear na bliana	24,142	3,819	3,139	31,100
Sócmhainní ar scaoileadh leo	(2,849)	0	0	(2,849)
Amhail an 31 Nollaig 2005	128,725	17,457	13,424	159,605
Leabharluach Glan				
Amhail an 31 Nollaig 2005	15,860	8,004	7,501	31,365
Amhail an 31 Nollaig 2004	29,143	11,824	9,605	50,572

Nóta	31/12/2005 €	31/12/2004 €
------	-----------------	-----------------

6. Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí

Ioncam Fabhráithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí	-	1,091,833
Réamhíocaíocht	51,361	9,592
Ús Taisce infhaighte	3,057	1,400
Costais feistis infhaighte	32,131	-
	86,549	1,102,825

7. Creidiúnaithe agus Fabhrú

Soláthairtí agus Seirbhísí		682,892	185,099
Iníúchadh		10,100	6,600
Párolla		20,337	9,796
An Roinn Sláinte & Leanaí	10	107,707	107,707
Cánachas eile		3,308	3,087
		824,344	312,289

	31/12/2005	31/12/2004
	€	€
8. Cuntas Caipitil		
Amhail an 1 Eanáir 2005	50,572	59,405
Aistriú Ó/ (Go dtí) an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		
Ciste a cuireadh i leith éadail shócmhainní dochta	463,121	21,381
Deontas Caipitil a fuarthas	(450,000)	-
Diúscairt nó scaoileadh le sócmhainní	(1,228)	-
Suím amúchta i gcomhriar le dímheas ar shócmhainní	(31,100)	(30,214)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2005	31,365	50,572

9. Leasanna Chomhaltaí an Bhoird

Thug an Bord isteach gnásanna de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus cloíodh leis na gnásanna sin i rith na bliana. Ní raibh aon bhearta airgeadais maidir le gníomhartha an Bhoird i rith na bliana a raibh leas tairbhe ag aon Chomhalta den Bhord ann.


10. An Roinn Sláinte agus Leanáí

Is ionann an figiúr €107,707 agus aisghabháil de €65,007 a bhí ag seasamh amach i leith na mblianta 2000/01 agus aisíoc ar ioncam de €42,700 don bhliain 2004 atá dlite don Roinn Sláinte agus Leanáí amhail an 31 Nollaig 2005.

aguisín A


treochtaí maidir le caitheamh toitíní

Cairt 1: An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní
Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005




23.9% é an líon foriomlán a chaitheann toitíní in Éirinn amhail Nollaig 2005 (Cairt 1). Is ionann sin agus laghdú de bheagnach 1.4 faoin gcéad ó dheireadh 2003.

Fíor 1: Gach duine a chaitheann tobac: An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní (mar % den Daonra)
Iomlán ualaithe míosúil duine aonair dar chríoch Nollaig 2005



Léiríonn Fíor 1 na hathruithe i rátaí caitheamh toitíní atá tuairiscithe ar feadh na bliana. Tacaíonn sin le taighde eile, rud a mholann go ndéanann daoine a chaitheann tobac iarracht iad a thabhairt suas ag amanna áirithe den bhliain, de ghnáth ag tús na Bliana Nua agus ar Chéadaoin an Luathrigh.


Fíor 2: Gach duine a chaitheann tobac: An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní (mar % den Daonra)
Meántreocht gluaiseachta 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



Soláthraíonn an mheántreocht atá ag gluaiseacht sa 12 mí patrún glan de na sonraí chun léargas níos fearr a thabhairt maidir le hiompar caitheamh toitíní thar am mar atá léirithe i bhfíor 2. Léiríonn na sonraí sin go bhfuil an líon a chaitheann tobac laghdaithe ó 25.4% amhail dheireadh 2003 go dtí 23.9% i Nollaig 2005.

Déantar anailís ar shonraí an líon a chaitheann tobac faoi cheannteidil déimeagrafacha éagsúla mar seo a leanas:


Cairt 2: An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní de réir Inscne Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



■ Daoine nach gcaitheann tobac
 ■ Daoine a chaitheann tobac

Léiríonn Cairt 2 miondealú ar na daoine a chaitheann tobac de réir inscne amhail Nollaig 2005.


Cairt 3: An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní de réir Aoisghrúpa Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



■ Daoine nach gcaitheann tobac
 ■ Daoine a chaitheann tobac

Léiríonn Cairt 3 go dtuairiscíonn beagnach 18% d'ógánaigh idir 15-18 go mbíonn siad ag caitheamh tobac. Is iad na daoine idir 19-35 an catagóir is ceannasáí le 32.4% de na daoine sa chatagóir aoise sin rangaithe mar dhaoine a chaitheann tobac.


Cairt 4: An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní de réir Aicme Sóisialach Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



■ Daoine nach gcaitheann tobac
 ■ Daoine a chaitheann tobac

Léiríonn Cairt 4 miondealú de rátaí líon daoine a chaitheann de réir aicme sóisialach. Tá na rátaí caite is airde i measc aicmfí sóisialta DE agus C2 agus an ráta is ísle i measc feirmeoirí.


Cairt 5: An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní de réir Réigiúin Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



■ Daoine nach gcaitheann tobac
 ■ Daoine a chaitheann tobac

Léiríonn Cairt 5 go bhfuil rátaí chaitheamh toitíní níos airde i gceantar Bhaile Átha Cliath ná sa chuid eile den tír. Tá an ráta líon daoine is ísle i gConnachta/Uladh.


Cairt 6: An Líon Toitíní a chaitear go Laethúil Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



Bunaithe ar gach duine a chaitheann a tuairiscíodh

Léiríonn Cairt 6 an líon toitíní a chaith gach duine a chaitheann tobac go laethúil agus a tuairiscíodh amhail Nollaig 2005.


Cairt 7: Na Cúig Bhranda toitíní is mó éileamh Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



Bunaithe ar gach duine a chaitheann a tuairiscíodh
Tagraíonn an catagóir 'eile' don chéatadán measctha de gach branda eile a tuairiscíodh.


Léiríonn Cairt 7 na cúig bhranda toitíní is mó éileamh amhail dheireadh Nollaig 2005.

Chart 8: Na Cúig Bhranda toitíní is mó éileamh de réir Inscne Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



Léiríonn Cairt 8 agus 9 na difríochtaí is féidir a shonrú i bpatrúin tomhaltóirí de réir inscne agus aoise.

Cairt 9: Na Cúig Bhranda toitíní is mó éileamh de réir Aoisghrúpa Tréimhse 12 mí dar chríoch Nollaig 2005



gluais

An Líon Daoine a Chaitheann Toitíní:

Tagraíonn seo don tuairisciú d'úsáid toitíní sa daonra (15 bliain d'aois agus níos sine).

Sonraí Ualaithe:

Tá rialuithe cuóta ar an sampla socraithe lena chinntiú go gcuirtear agallamh ar gach grúpa déimeagrafach i gcomhréir lena ionadaíocht sa daonra iomlán. Nuair nach mbíonn an cuóta bainte amach nó nuair a sháraítear an cuóta, cuirtear ualuithe i bhfeidhm chun próifíl déimeagrafach deiridh an tsampla a ailíniú leis an daonra iomlán.

Meántreocht gluaiseachta 12 mí:

Tá an staitistic meántreochta gluaiseachta 12 mí leagtha amach chun luach sonraí na míosa reatha, agus figiúirí na 11 mí roimhe sin a fháil agus an meán a fháil. Úsáidtear é sin go hiondúil chun fáil réidh le torann (méideanna móra d'éagsúlachtaí idir luachanna míosúla) ó na sonraí ionas gur féidir patrún glan a fheidhmiú agus gur féidir an treocht iarbhír a bhíonn ag tarlú a léamh níos éasca.

Patrún Glan (Glanta):

Patrún Glan (Glanta): Is é an tuairim atá ann ná go gcuireann meán a bhíonn ag gluaiseacht deireadh le héagsúlacht sna sonraí chun patrún níos cothromaí a chur i bhfeidhm, dá réir bíonn sé níos éasca an treocht leasa dáiliúcháin a fheiceáil.

Catagóirí Aicmí Sóisialacha:

- A** Daoine gairmiúla, bainisteoirí an-sinsearacha i ngnó agus i dtráchtáil nó státseirbhísí ag an leibhéal is airde
- B** Feidhmeannaigh Meán-Bhainistíochta in eagraíochtaí móra
Príomhoifigigh i rialtas áitiúil agus sa státseirbhís
Bainistíocht Shinsearach nó úinéirí ghnóthaí beaga, agus eagraíochtaí oideachais agus seirbhíse
- C1** Bainistíocht shóisearach, úinéirí gnólachtaí beaga agus gach duine eile i bpoist nach mbíonn obair láimhe i gceist leo
- C2** Gach oibrí láimhe oilte agus na hoibrithe láimhe sin a bhíonn freagrach as daoine eile
- D** Gach oibrí láimhe leath-oilte agus neamhoilte
- E** Iad sin ar fad a bhíonn ag brath go hiomlán ar an stát go fadtéarmach, iad sin a bhíonn difhostaithe do thréimhse níos mó ná 6 mhí
- F** Feirmeoirí nó bainisteoirí feirme

(Foinse: AIMRO Treoir Caighdeánach d'Aicmí Sóisialacha)

aguisín B

foilseacháin

Catagóir	Foilseachán
Treoir	Treoir d'fhostóirí agus do bhainisteoirí Treoir do thrádáil cheadúnaithe na hÉireann
Eolas	Toit ó Dhaoine Eile: na fíricí Sochaí saor ó thobac a chur chun cinn Achoimre ar an tuairisc maidir le toit timpeallachta tobac (ETS) sa láthair oibre
Tuarascálacha	Láithreacha oibre saor ó thobac in Éirinn – Athbhreithniú bliana Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis bliana amháin Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis 9 mí Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis 6 mhí Feidhmiú na reachtaíochta maidir le láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar an dul chun cinn tar éis míosa amháin I ndáil le sochaí shaor ó thobac: achoimre ar thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe maidir le Polasaí Shaor ón Tobac
Tuarascálacha Bliantúla	Tuarascáil Bhliantúil 2004
Taighde	Polasaithe maidir le saoirse ón tobac – taighde margaidh agus léirmheas ar an litríocht maidir leis an tionchar eacnamaíochta ar an earnáil fáilteachais Mná na hÉireann agus an Tobac: eolas, meon agus tuairimíocht Tuairisc ar an toradh sláinte ó thoit
Comharthaí agus Póstaerí	Comhartha Cosc ar Tobac Póstaer Tithe Tábhairne Saor ó Thoit

notaí